“Bhí cruinniú ag oifigigh idirchaidrimh Uasfhorais Iniúchóireachta (UFInna) 28 mBallstát an AE agus Cúirt Iniúchóirí na hEorpa (CIE) i Stócólm, sa tSualainn, an 16-17 Bealtaine 2017”

“Is é an príomhchuspóir leis an gcruinniú earraigh ag Oifigigh Idirchaidrimh ná cruinniú an Choiste Teagmhála a ullmhú. In 2017, tionóladh cruinniú an Choiste Teagmhála i Lucsamburg an 12-13 Deireadh Fómhair faoi chathaoirleacht Chúirt Iniúchóirí na hEorpa. Ag a gcruinniú i Stócólm an 16-17 Bealtaine, rinne na hOifigigh Idirchaidrimh athbhreithniú ar na forbairtí agus gníomhaíochtaí is déanaí atá le breithniú ag an gCoiste Teagmhála. Lena chois sin, rinne na hOifigigh Idirchaidrimh plé ar bhearta chun feabhas a chur ar rialachas agus ar chumarsáid an Choiste Teagmhála.

Bhí cruinniú ag Oifigigh Idirchaidrimh Líonra na nUasfhoras Iniúchóireachta de chuid Tíortha is Iarrthóirí agus Tíortha is Iarrthóirí Ionchasacha an Aontais an 15 Bealtaine 2017. Phléigh siad athbhreithniú agus cur chun feidhme phlean oibre an Líonra, chomh maith le ceisteanna a bhain le rialachas.”